*Uimhir* 21 *de* 2021

# An tAcht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 21 *de* 2021

# AN tACHT UM DHÍOL TICÉAD (IMEACHTAÍ CULTÚIR, SIAMSAÍOCHTA, ÁINEASA AGUS SPÓIRT), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

## CLÁR AN ÁBHAIR

### CUID 1

Réamhráiteach agus Ginearálta


Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Caiteachais
4. Rialacháin
5. Doiciméid a sheirbheáil
6. Feidhm


### CUID 2

Ticéid a Dhíol le haghaidh Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt in Ionaid Shainainmnithe agus le haghaidh Imeachtaí Sainainmnithe


7. Ionaid áirithe a shainainmniú
8. Sainainmniú ionad áirithe a dhiúltú nó a chúlghairm
9. Imeachtaí áirithe a shainainmniú
10. Sainainmniú imeachtaí áirithe a dhiúltú nó a chúlghairm
11. Fógra i dtaobh sainainmniúcháin
12. Uiríll
13. Achomhairc
14. An clár

CUID 3

Toirmeasc ar Thicéid a Dhíol le haghaidh Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt agus Ceanglais Ghaolmhara maidir le Faisnéis

15. Toirmeasc ar thicéad nó pacáiste ticéid a dhíol nó a fhógairt lena dhíol os cionn an phraghais díola bunaidh

16. Faisnéis a cheanglaítear nuair a dhéanann príomhdhíoltóir ticéad ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol nó a fhógairt lena dhíol

17. Faisnéis a cheanglaítear nuair a dhéanann díoltóir tánaisteach ticéad ticéad nó pacáiste ticéid a fhógairt nó a thairiscint lena dhíol

18. Díolúine d’eagraíochtaí carthanúla agus do chlubanna spóirt amaitéaracha

CUID 4

Nithe a Bhaineann le Ticéid a Dhíol le haghaidh Imeachtaí, lena n-áirítear Imeachtaí in Ionaid Shainainmnithe agus Imeachtaí Sainainmnithe

19. Téarmaí conartha lena ndéantar aistriú nó díol ticéid nó pacáiste ticéid a eisiamh nó a theorannú

20. Cumhachtaí an Gharda Síochána dul isteach agus cuardach a dhéanamh, etc.

21. Cosc

22. Gabháil gan bharántas

23. Cionta agus pionóis

24. Cosaint i gcoitinne

25. Cosaint d’oibritheoir tánaisteach ticéad

26. Pribhléid dhlíthiúil

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Carthanas, 2009 (Uimh. 6)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

*Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851 (14 & 15 Vict., c.93)

*Uimhir* 21 *de* 2021

# AN tACHT UM DHÍOL TICÉAD (IMEACHTAÍ CULTÚIR, SIAMSAÍOCHTA, ÁINEASA AGUS SPÓIRT), 2021

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do dhéanamh rochtain níos cothroime ar thicéid le haghaidh imeachtaí cultúir, siamsaíochta, áineasa agus spóirt a chur chun cinn trí thoirmeasc a chur le ticéid nó pacáistí ticéad, le haghaidh imeachtaí a bheidh ar siúl in ionaid shainainmnithe agus le haghaidh imeachtaí sainainmnithe, a dhíol nó a fhógairt lena ndíol ar phraghas is mó ná a bpraghas díola bunaidh; do dhéanamh socrú go mbeidh téarma de chuid conartha ar neamhní sa mhéid go n-airbheartóidh sé aistriú nó díol ticéid nó pacáiste ticéid ar phraghas nach mó ná an praghas díola bunaidh a eisiamh nó a theorannú; do dhéanamh socrú maidir le ceanglais faisnéise áirithe i gcás go ndéanfaidh príomhdhíoltóir ticéad ticéid nó pacáistí ticéad, le haghaidh imeachtaí a bheidh ar siúl in ionaid shainainmnithe nó le haghaidh imeachtaí sainainmnithe, a dhíol nó a fhógairt lena ndíol, nó i gcás go ndéanfaidh díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad le haghaidh imeachtaí den sórt sin a fhógairt nó a thairiscint lena ndíol; do thabhairt éifeacht, i ndáil le díol ticéad, d'fhorálacha áirithe de Threoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000[1] maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[14 *Iúil* 2021]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

## CUID 1

### Réamhráiteach agus Ginearálta

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**1.** (1) Féadfar an tAcht um Dhíol Ticéad (Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt), 2021 a ghairm den Acht seo.

1 IO Uimh. L 178, 17.7.2000, lch 1.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

**Léiriú**

**2.** San Acht seo—

folaíonn "fógairt" gach foirm fógráin, cibé acu is don phobal é nó nach ea, i nuachtán nó i bhfoilseachán eile, ar an teilifís nó ar an raidió, trí fhógra a thaispeáint, trí chumarsáid leictreonach, lena n-áirítear trí mheán an idirlín, nó ar aon mhodh eile;

ciallaíonn "club spóirt amaitéarach" club neamhbhrabúis arb é a phríomhchuspóir saoráidí a sholáthar chun páirt a ghlacadh i spórt amháin nó níos mó, agus páirt a ghlacadh i spórt amháin nó níos mó a chur chun cinn, ach ní fholaíonn sé club nó comhlacht spóirt atá eagraithe ar bhonn contae, cúige, réigiúnach nó náisiúnta;

ciallaíonn "iarratasóir"—

(a) iarratasóir i leith imeachta, nó

(b) iarratasóir i leith ionaid;

ciallaíonn "eagraíocht charthanúil" eagraíocht charthanúil chláraithe de réir bhrí alt 2 den Acht Carthanas, 2009;

déanfar "imeacht sainainmnithe" a fhorléiriú de réir *alt 9*;

déanfar "ionad sainainmnithe" a fhorléiriú de réir *alt 7*;

ciallaíonn "imeacht" imeacht cultúir, siamsaíochta, áineasa nó spóirt;

beidh le "iarratasóir i leith imeachta" an bhrí a shanntar dó le *halt 9*;

ciallaíonn "eagraí imeachta", i ndáil le himeacht—

(a) duine atá freagrach as an imeacht a reáchtáil, a eagrú nó a bhainistiú, nó

(b) duine atá ag gníomhú do dhuine dá dtagraítear i *mír (a)* nó thar a cheann nó thar a ceann;

ciallaíonn "an tAire" an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta;

ciallaíonn "praghas díola bunaidh"—

(a) an praghas ar ar dhíol príomhdhíoltóir ticéad ticéad nó pacáiste ticéid agus folaíonn sé aon mhuirear nó táille bhreise a bhaineann le díol an ticéid nó an phacáiste ticéid, nó

(b) an praghas ar a raibh ticéad nó pacáiste ticéid comhionann ar díol ag príomhdhíoltóir ticéad i gcás go bhfuair díoltóir tánaisteach ticéad an ticéad nó an pacáiste ticéid ar shlí seachas tríd an bpraghas a íoc;

ciallaíonn "forordú" forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn "príomhdhíoltóir ticéad"—

(a) eagraí imeachta,

(b) ionadoibritheoir,

(c) duine atá údaraithe chun ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol thar ceann eagraí imeachta nó thar ceann ionadoibritheora, nó

(d) duine atá ag gníomhú do dhuine dá dtagraítear i *míreanna (a)*, *(b)* nó *(c),* nó thar a cheann nó thar a ceann,

ach ní fholaíonn sé díoltóir tánaisteach ticéad;

ciallaíonn "imeacht iomchuí" imeacht atá ar siúl in ionad sainainmnithe nó imeacht sainainmnithe;

ciallaíonn "margadh tánaisteach ticéad" suíomh gréasáin, seirbhís ar líne, feidhmchlár leictreonach nó foilseachán clóite lena soláthraítear saoráid do dhíoltóir tánaisteach ticéad chun ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol nó a fhógairt lena ndíol agus folaíonn sé margadh lena soláthraítear freisin saoráid chun earraí nó seirbhísí eile a dhíol nó a sholáthar, nó a fhógairt lena ndíol nó lena soláthar;

ciallaíonn "oibritheoir tánaisteach ticéad" i ndáil le margadh tánaisteach ticéad—

(a) duine ar leis nó ar léi an margadh nó a bhainistíonn é nó atá freagrach ar shlí eile as an margadh a oibriú, nó

(b) duine atá ag gníomhú do dhuine dá dtagraítear i *mír (a)* nó thar a cheann nó thar a ceann;

ciallaíonn "díoltóir tánaisteach ticéad" duine a dhíolann ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol príomhdhíoltóir ticéad i dtosach, nó a chuir príomhdhíoltóir ticéad ar fáil, nó a cuireadh ar fáil tríd nó tríthi, ar shlí eile i dtosach;

folaíonn "díol", i ndáil le ticéad nó pacáiste ticéid, an ticéad nó an pacáiste ticéid a thairiscint nó a thaispeáint lena dhíol nó a iarraidh ar dhuine tairiscint a dhéanamh chun an ticéad nó an pacáiste ticéid a cheannach;

ciallaíonn "ticéad", i ndáil le himeacht, cárta, pas, páipéar, doiciméad, feiste, cibé acu i bhfoirm leictreonach nó ar shlí eile, lena dtugtar teideal don sealbhóir, ar é nó í a thíolacadh, dul isteach san imeacht;

ciallaíonn "pacáiste ticéid"—

(a) pacáiste faoina ndéantar ticéad a dhíol, nó a thairiscint lena dhíol, ar phraghas uileghabhálach in éineacht le hearraí nó le seirbhísí eile, nó

(b) pacáiste faoina dtugann ceannach earraí nó seirbhísí eile teideal don cheannaitheoir ticéad a cheannach ar a phraghas díola bunaidh nó ar phraghas sonraithe eile;

beidh le "iarratasóir i leith ionaid" an bhrí a shanntar dó le *halt* 7;

ciallaíonn "ionadoibritheoir"—

(a) duine ar leis nó ar léi ionad nó a bhainistíonn ionad nó atá freagrach ar shlí eile as an ionad a oibriú; nó

(b) duine, lena n-áirítear eagraí imeachta, atá ag gníomhú do dhuine dá dtagraítear i *mír (a)* nó thar a cheann nó thar a ceann.

**Caiteachais**

**3.** Déanfar na caiteachais a thabhóidh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

**Rialacháin**

**4.** (1) Féadfaidh an tAire, le rialacháin, foráil a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear san Acht seo mar ní atá forordaithe nó le forordú.

(2) Gan dochar d'aon fhoráil den Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartacha a bheith i rialacháin faoin Acht seo is dóigh leis an Aire a bheith riachtanach nó fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Gach rialachán a dhéanfaidh an tAire faoin Acht seo, leagfar é faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an rialachán a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an rialacháin, beidh an rialachán ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin rialachán.

**Doiciméid a sheirbheáil**

**5.** (1) Déanfar fógra nó doiciméad eile a gceanglaítear faoin Acht seo é a sheirbheáil ar dhuine, nó a thabhairt dó nó di, a dhíriú chuig an duine lena mbaineann faoina ainm nó faoina hainm, agus féadfar é a sheirbheáil ar an duine amhlaidh, nó a thabhairt dó nó di amhlaidh, ar cheann amháin de na slite seo a leanas:

(a) trína sheachadadh ar an duine;

(b) trína fhágáil ag an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, ag an seoladh sin;

(c) trína chur leis an bpost i litir chláraithe réamhíoctha chuig an seoladh ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine nó, i gcás ina mbeidh seoladh le haghaidh seirbheála tugtha, chuig an seoladh sin;

(d) ar mhodh leictreonach, i gcás ina mbeidh fógra i scríbhinn tugtha ag an duine don duine a bheidh ag seirbheáil nó ag tabhairt an fhógra nó an doiciméid lena mbaineann á rá go dtoilíonn sé nó sí leis an bhfógra nó leis an doiciméad (nó le fógraí nó le doiciméid d'aicme lena mbaineann an fógra nó doiciméad) a sheirbheáil air nó uirthi, nó a thabhairt dó nó di, ar an modh sin.

(2) Chun críoch an ailt seo, measfar gnáthchónaí a bheith ar chuideachta arna foirmiú agus arna clárú faoi Acht na gCuideachtaí, 2014 nó ar chuideachta láithreach de réir bhrí an Achta sin, ag a hoifig chláraithe, agus measfar gnáthchónaí a bheith ar gach comhlacht corpraithe eile agus ar gach comhlacht neamhchorpraithe daoine ag a phríomhoifig nó ag a phríomháit ghnó.

**Feidhm**

**6.** Beidh feidhm ag an Acht seo maidir le ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol, nó a fhógairt lena dhíol, an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh nó dá éis.

CUID 2

Ticéid a Dhíol le haghaidh Imeachtaí Cultúir, Siamsaíochta, Áineasa agus Spóirt in Ionaid Shainainmnithe agus le haghaidh Imeachtaí Sainainmnithe

**Ionaid áirithe a shainainmniú**

**7.** (1) Féadfaidh ionadoibritheoir (dá ngairtear "iarratasóir i leith ionaid" freisin san alt seo agus in *alt 8*) iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun ionad amháin nó níos mó a shainainmniú chun críocha an Achta seo más rud é—

(a) go bhfuil toilleadh 1,000 duine nó níos mó san ionad, agus

(b) gurb é tuairim réasúnach an iarratasóra i leith ionaid go seolfar imeachtaí san ionad a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh.

(2) Is i scríbhinn agus i cibé foirm a fhorordóidh an tAire a bheidh iarratas faoi *fho-alt (1)* agus beidh ar áireamh ann—

(a) ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin agus seoladh suímh gréasáin an iarratasóra,

(b) seoladh an ionaid, nó má bhaineann an t-iarratas le líon is mó ná aon ionad amháin, seoladh gach ceann de na hionaid sin, is ábhar don iarratas,

(c) toilleadh an ionaid lena mbaineann, nó má bhaineann an t-iarratas le líon is mó ná aon ionad amháin, toilleadh gach ceann de na hionaid sin, agus

(d) ráiteas á rá gurb é tuairim réasúnach an iarratasóra i leith ionaid go bhféadfadh imeachtaí a bheidh ar siúl san ionad, nó má bhaineann an t-iarratas le líon is mó ná aon ionad amháin, i ngach ceann de na hionaid sin, a bheith ina gcúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh.

(3) Féadfaidh an tAire táille a fhorordú a bheidh le cur ag gabháil le hiarratas a dhéanfar faoi *fho-alt (1)* agus féadfar táillí éagsúla a fhorordú d'aicmí éagsúla iarratais.

(4) Aon tráth tar éis iarratas a fháil agus roimh an iarratas sin a chinneadh, féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar an iarratasóir i leith ionaid faisnéis bhreise a sholáthar dó nó di.

(5) Féadfaidh an tAire—

(a) ionad is ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)* a shainainmniú i gcás go mbeidh sé nó sí deimhin de na nithe a shonraítear san fho-alt sin, nó

(b) faoi réir *alt 8(2)*, diúltú ionad is ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)* a shainainmniú i gcás nach mbeidh sé nó sí deimhin de na nithe sin amhlaidh.

(6) Féadfaidh an tAire, d'ainneoin gan iarratas i leith ionaid a bheith déanta chuige nó chuici faoi *fho-alt (1)*, an t-ionad a shainainmniú más rud é, tar éis dul i gcomhairle leis an ionadoibritheoir, gur deimhin leis an Aire—

(a) (i) go seolfar imeachtaí san ionad (lena n-áirítear ionad ina bhfuil toilleadh do líon is lú ná 1,000 duine) a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh, nó

(ii) nach féidir sainainmniúchán faoi *fho-alt (5)(a)* a dhéanamh sula seolfar imeachtaí san ionad a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh,

agus

(b) gurbh é leas an phobail é an t-ionad sin a shainainmniú.

(7) I gcás go sainainmneoidh an tAire ionad faoi *fho-alt (5)(a)* nó *(6),* tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoin sainainmniúchán don ionadoibritheoir.

(8) Beidh an fhaisnéis seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (7)*:

(a) an chúis leis an sainainmniúchán;

(b) faoi réir *fho-alt (9)*, an dáta a thiocfaidh an sainainmniúchán in éifeacht;

(c) go bhféadfaidh an t-ionadoibritheoir an sainainmniúchán a achomharc faoi *fho-alt (6)* de réir *alt 13*.

(9) Tiocfaidh sainainmniúchán a dhéanfaidh an tAire faoi *fho-alt (6)* in éifeacht ar an sainainmniúchán sin a dhéanamh nó ar cibé dáta is déanaí ná sin a shonróidh an tAire i bhfógra faoi *fho-alt (7)* agus ní dhéanfar, le hachomharc a dhéanamh i gcoinne an tsainainmniúcháin sin faoi *alt 13,* difear d'oibriú an tsainainmniúcháin.

**Sainainmniú ionad áirithe a dhiúltú nó a chúlghairm**

**8.** (1) Féadfaidh an tAire sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 7* a chúlghairm más rud é—

(a) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 7(5)*, nach deimhin leis nó léi a thuilleadh go bhfuil bonn réasúnach le tuairim an iarratasóra i leith ionaid nó an ionadoibritheora go bhfuil toilleadh 1,000 duine nó níos mó san ionad is ábhar don sainainmniúchán lena mbaineann,

(b) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 7(5)*, nach deimhin leis nó léi a thuilleadh go bhfuil bonn réasúnach le tuairim an iarratasóra i leith ionaid nó an ionadoibritheora go seolfar imeachtaí san ionad is ábhar don sainainmniúchán lena mbaineann a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh,

(c) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 7(6)*, nach deimhin leis nó léi a thuilleadh go seolfar imeachtaí san ionad is ábhar don sainainmniúchán lena mbaineann a d'fheadfadh a bheith ina gcúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh, nó

(d) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 7(5)* nó *alt 7(6)*, de réir mar a bheidh, nach mbeidh an t-ionad is ábhar don sainainmniúchán lena mbaineann ag oibriú a thuilleadh nó go mbeidh scortha d'imeachtaí a sheoladh ann.

(2) I gcás go mbeartóidh an tAire—

(a) sainainmniúchán a dhiúltú faoi *fho-alt 7(5)(b),* tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoin diúltú beartaithe don iarratasóir i leith ionaid, nó

(b) sainainmniúchán faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoin gcúlghairm bheartaithe don ionadoibritheoir.

(3) Beidh mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (2)*:

(a) é a bheith beartaithe sainainmniúchán a dhiúltú faoi *fho-alt 7(5)(b)* nó sainainmniúchán a chúlghairm faoi *fho-alt (1)* agus an chúis atá leis;

(b) i gcás é a bheith beartaithe sainainmniúchán a dhiúltú faoi *alt 7(5)(b),* go bhféadfaidh an t-iarratasóir i leith ionaid, ina ionad sin, iarratas a dhéanamh faoi *alt 9* chun imeacht a shainainmniú;

(c) go bhféadfaidh an t-iarratasóir i leith ionaid uiríll a dhéanamh de réir *alt 12* maidir leis an mbeartú sin sainainmniúchán a dhiúltú;

(d) go bhféadfaidh an t-ionadoibritheoir uiríll a dhéanamh de réir *alt 12* maidir leis an mbeartú sin sainainmniúchán a chúlghairm;

(e) mura ndéanfaidh an t-ionadoibritheoir uiríll den sórt sin, go dtiocfaidh cúlghairm sainainmniúcháin faoi *fho-alt (1)* i ngníomh 28 lá ón dáta a sheirbheálfar an fógra;

(f) go bhféadfaidh an t-iarratasóir i leith ionaid nó an t-ionadoibritheoir achomharc a dhéanamh de réir *alt 13*.

**Imeachtaí áirithe a shainainmniú**

**9.** (1) Féadfaidh eagraí imeachta nó ionadoibritheoir, (dá ngairtear "iarratasóir i leith imeachta" freisin san alt seo agus in *alt 10*) iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun imeacht a shainainmniú chun críocha an Achta seo (dá ngairtear "an t-imeacht sainainmnithe" san alt seo) más rud é, ag féachaint do chineál an imeachta, gurb é tuairim réasúnach an iarratasóra go bhféadfadh an t-imeacht a bheith ina chúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad don imeacht sin a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh.

(2) Féadfar iarratas a dhéanamh faoi *fho-alt (1)* chun imeacht a bhíonn ar siúl ar bhonn bliantúil nó ar bhonn tréimhsiúil eile san ionad céanna a shainainmniú.

(3) Is i scríbhinn agus i cibé foirm a fhorordóidh an tAire a bheidh iarratas faoi *fho-alt (1)* agus beidh ar áireamh ann—

(a) ainm, seoladh, seoladh ríomhphoist, uimhir theileafóin agus seoladh suímh gréasáin an iarratasóra i leith imeachta,

(b) mionsonraí an imeachta (lena n-áirítear an dáta nó na dátaí beartaithe lena mbaineann) agus seoladh an ionaid ina mbeidh an t-imeacht is ábhar don iarratas ar siúl, agus

(c) ráiteas á rá gurb é tuairim réasúnach an iarratasóra i leith imeachta go bhféadfadh an t-imeacht is ábhar don iarratas a bheith ina chúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad don imeacht sin a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh.

(4) Féadfaidh an tAire táille a fhorordú a bheidh le cur ag gabháil le hiarratas a dhéanfar faoi *fho-alt (1).*

(5) Aon tráth tar éis iarratas a fháil agus roimh an iarratas sin a chinneadh, féadfaidh an tAire, trí fhógra i scríbhinn, a cheangal ar an iarratasóir i leith imeachta faisnéis bhreise a sholáthar dó nó di.

(6) Féadfaidh an tAire—

(a) imeacht ab ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)* a shainainmniú i gcás go mbeidh sé nó sí deimhin de na nithe a shonraítear san fho-alt sin, nó

(b) faoi réir *alt 10(1)*, diúltú imeacht ab ábhar d'iarratas faoi *fho-alt (1)* a shainainmniú i gcás nach mbeidh sé nó sí deimhin de na nithe sin amhlaidh.

(7) Féadfaidh an tAire, d'ainneoin gan iarratas i leith imeachta a bheith déanta chuige nó chuici faoi *fho-alt (1)*, imeacht a shainainmniú más rud é, tar éis dul i gcomhairle leis an eagraí imeachta nó leis an ionadoibritheoir, gur deimhin leis an Aire, ag féachaint do chineál an imeachta—

(a) (i) go bhféadfadh an t-imeacht a bheith ina chúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh, nó

(ii) nach féidir sainainmniúchán ón Aire faoi *fho-alt (6)(a)* a dhéanamh roimh an imeacht a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh,

agus

(b) gurbh é leas an phobail é an t-imeacht sin a shainainmniú.

(8) I gcás go sainainmneoidh an tAire imeacht faoi *fho-alt (6)(a)* nó *(7)*, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoin sainainmniúchán don eagraí imeachta nó don ionadoibritheoir.

(9) Beidh an fhaisnéis seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (8)*:

(a) an chúis leis an sainainmniúchán;

(b) faoi réir *fho-alt (10)*, an dáta a thiocfaidh an sainainmniúchán in éifeacht;

(c) go bhféadfaidh an t-eagraí imeachta nó an t-ionadoibritheoir an sainainmniúchán a achomharc faoi *fho-alt (7)* de réir *alt 13*.

(10) Tiocfaidh sainainmniúchán a dhéanfaidh an tAire faoi *fho-alt (7)* in éifeacht ar an sainainmniúchán sin a dhéanamh nó ar cibé dáta is déanaí ná sin a shonróidh an tAire i bhfógra faoi *fho-alt (8)* agus ní dhéanfar, le hachomharc a dhéanamh i gcoinne an tsainainmniúcháin sin faoi *alt 13,* difear d'oibriú an tsainainmniúcháin.

**Sainainmniú imeachtaí áirithe a dhiúltú nó a chúlghairm**

**10.** (1) Féadfaidh an tAire sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 9* a chúlghairm más rud é—

(a) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 9(6)*, nach deimhin leis nó léi a thuilleadh go bhfuil bonn réasúnach le tuairim an iarratasóra i leith imeachta, an eagraí imeachta nó an ionadoibritheora go bhféadfadh an t-imeacht is ábhar don sainainmniúchán lena mbaineann a bheith in chúis le díoltóir tánaisteach ticéad ticéid nó pacáistí ticéad a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh,

(b) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 9(7)*, nach deimhin leis nó léi a thuilleadh go bhféadfadh an t-imeacht is ábhar don sainainmniúchán lena mbaineann a bheith ina chúis le ticéid nó pacáistí ticéad don imeacht sin a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh, nó

(c) i gcás sainainmniúchán arna dhéanamh faoi *alt 9(6)* nó *alt 9(7)*, de réir mar a bheidh, nach deimhin leis nó léi gurb ionann an t-imeacht is ábhar don iarratas faoi *alt 9(1)* agus an t-imeacht a shonraítear san iarratas ar shainainmniúchán faoi *alt 9(1)*, nó a shainainmnítear faoi *alt 9(7)*, de réir mar a bheidh, nó nach deimhin leis nó léi go bhfuil sé cosúil go substaintiúil leis.

(2) I gcás go mbeartóidh an tAire—

(a) sainainmniúchán a dhiúltú faoi *fho-alt 9(6)(b),* tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoin diúltú beartaithe don iarratasóir i leith imeachta, nó

(b) sainainmniúchán faoi *fho-alt (1)* a chúlghairm, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoin gcúlghairm bheartaithe don eagraí imeachta nó don ionadoibritheoir.

(3) Beidh mionsonraí i dtaobh na nithe seo a leanas i bhfógra faoi *fho-alt (2)*:

(a) é a bheith beartaithe sainainmniúchán a dhiúltú faoi *fho-alt 9(6)(b)* nó sainainmniúchán a chúlghairm faoi *fho-alt (1)* agus an chúis atá leis;

(b) go bhféadfaidh an t-iarratasóir i leith imeachta uiríll a dhéanamh de réir *alt 12* maidir leis an mbeartú sin sainainmniúchán a dhiúltú;

(c) go bhféadfaidh an t-eagraí imeachta nó an t-ionadoibritheoir uiríll a dhéanamh de réir *alt 12* maidir leis an mbeartú sin sainainmniúchán a chúlghairm;

(d) mura ndéanfaidh an t-eagraí imeachta nó an t-ionadoibritheoir uiríll den sórt sin, go dtiocfaidh cúlghairm sainainmniúcháin faoi *fho-alt (1)* i ngníomh 28 lá ón dáta a sheirbheálfar an fógra;

(e) go bhféadfaidh an t-iarratasóir i leith imeachta, an t-eagraí imeachta nó an t-ionadoibritheoir achomharc a dhéanamh de réir *alt 13*.

**Fógra i dtaobh sainainmniúcháin**

**11.** (1) I gcás go ndéanfaidh nó go gcúlghairfidh an tAire sainainmniúchán faoi *alt 7* nó *9* nó go ndéanfaidh nó go gcúlghairfidh sé nó sí sainainmniúchán faoi *alt 8* nó *10*, déanfaidh sé nó sí—

(a) a chur faoi deara go bhfoilseofar fógra i dtaobh an sainainmniúchán sin a dhéanamh nó a chúlghairm san Iris Oifigiúil, agus

(b) an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (2)* a chur ar fáil go poiblí ar cibé modh is cuí leis nó léi.

(2) Beidh an méid seo a leanas ar áireamh san fhaisnéis a cheanglaítear a fhoilsiú nó a chur ar fáil faoi *fho-alt (1)(a)* nó *(1)(b)*:

(a) go ndearnadh nó gur cúlghaireadh sainainmniúchán ionaid nó imeachta;

(b) ainm agus suíomh an ionaid, nó i gcás gur faoi *alt 9* a dhéanfar an sainainmniúchán, ainm an imeachta agus suíomh an ionaid ina seolfar é;

(c) an dáta óna mbeidh éifeacht leis an sainainmniúchán nó leis an gcúlghairm.

**Uiríll**

**12.** (1) Féadfaidh iarratasóir, ionadoibritheoir nó eagraí imeachta dá dtabharfar fógra faoina bheith beartaithe sainainmniúchán a dhiúltú nó a chúlghairm faoi *ailt 8(2)* nó *10(2)* uiríll a dhéanamh chuig an Aire faoin mbeartú sin laistigh de 14 lá.

(2) Beidh aird ag an Aire ar aon uiríll a dhéanfar chuige nó chuici faoi *fho-alt (1)* le linn dó nó di breith a thabhairt i dtaobh an rachaidh sé nó sí ar aghaidh leis an sainainmniúchán lena mbaineann a dhiúltú nó a chúlghairm mar atá beartaithe agus tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn faoina bhreith nó faoina breith don iarratasóir, don ionadoibritheoir nó don eagraí imeachta.

(3) I gcás go ndéanfaidh iarratasóir, ionadoibritheoir nó eagraí imeachta uiríll chuig an Aire de réir *fho-alt (1),* agus mura dtionscnófar achomharc faoi *alt 13*, tiocfaidh cúlghairm sainainmniúcháin faoi *alt 8(2)* nó *10(2)* i ngníomh 28 lá ón dáta a sheirbheálfar an fógra dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*.

**Achomhairc**

**13.** (1) Féadfaidh iarratasóir, ionadoibritheoir nó eagraí imeachta—

(a) ar dhiúltaigh an tAire dá iarratas nó dá hiarratas faoi *alt 7(5)(b)* nó *9(6)(b),*

(b) ar chúlghair an tAire a shainainmniúchán nó a sainainmniúchán faoi *alt 8(1)* nó *10(1)*, nó

(c) ar shainainmnigh an tAire a ionad nó a hionad faoi *alt 7(6)* nó *9(7)*,

an diúltú, an chúlghairm nó an sainainmniúchán sin, de réir mar a bheidh, a achomharc chun na Cúirte Dúiche tráth nach déanaí ná 28 lá ón dáta a sheirbheálfar an fógra faoi *alt 8(2)*, *10(2)*, *12(2)*, *7(7)* nó *9(8)*, de réir mar a bheidh.

(2) I gcás go ndéanfaidh iarratasóir, ionadoibritheoir nó eagraí imeachta achomharc faoi *fho-alt (1)*, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don Aire, an tráth céanna, i dtaobh an t-achomharc a dhéanamh.

(3) Is chuig breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche cúirte dúiche ina bhfuil an t-ionad arb ina leith a dhéantar an t-iarratas faoi *alt 7(1)* nó an sainainmniúchán faoi *alt 7(6)* a dhéanfar achomharc faoi *fho-alt (1)* i ndáil le hionad a shainainmniú faoi *alt 7*.

(4) Is chuig breitheamh den Chúirt Dúiche a bheidh sannta de thuras na huaire don dúiche cúirte dúiche ina seolfar an t-imeacht arb ina leith a dhéantar an t-iarratas faoi *alt 9(1)* nó an sainainmniúchán faoi *alt 9(7)* a dhéanfar achomharc faoi *fho-alt (1)* i ndáil le himeacht a shainainmniú faoi *alt 9*.

(5) Ar achomharc a éisteacht faoi *fho-alt (1)*, i ndáil le hiarratas ar ionad a shainainmniú faoi *alt 7*, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche ordú a dhéanamh—

(a) lena ndaingneofar diúltú an iarratais ar shainainmniúchán ag an Aire faoi *alt 7(5)(b)* ar na forais nár comhlíonadh ceanglais *fho-alt (1)* den alt sin,

(b) lena ngéillfear don achomharc i gcoinne dhiúltú an iarratais ar shainainmniúchán ag an Aire faoi *alt 7(5)(b)* agus lena dtreorófar don Aire an t-ionad is ábhar don achomharc a shainainmniú ar na forais gur comhlíonadh ceanglais *fho-alt (1)* den alt sin,

(c) lena ndaingneofar cúlghairm an tsainainmniúcháin ag an Aire faoi *alt 8(1)* ar na forais gur comhlíonadh ceanglais *fho-alt (1)* den alt sin,

(d) lena ngéillfear don achomharc i gcoinne cúlghairm sainainmniúcháin faoi *alt 8(1)* agus lena dtreorófar don Aire sainainmniúchán an ionaid is ábhar don achomharc a athbhunú ar na forais go bhfuil ceanglais *alt 7(1)* fós á gcomhlíonadh, nó

(e) lena ngéillfear don achomharc agus lena gcúlghairfear an sainainmniúchán arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 7(6)* ar na forais nár comhlíonadh ceanglais *fho-alt (6)* den alt sin.

(6) Ar achomharc a éisteacht faoi *fho-alt (1)* i ndáil le hiarratas ar imeacht a shainainmniú faoi *alt 9*, féadfaidh an breitheamh den Chúirt Dúiche ordú a dhéanamh—

(a) lena ndaingneofar diúltú an iarratais ar shainainmniúchán ag an Aire faoi *alt 9(6)(b)* ar na forais nár comhlíonadh ceanglais *fho-alt (1)* den alt sin,

(b) lena ngéillfear don achomharc i gcoinne dhiúltú an tsainainmniúcháin ag an Aire faoi *alt 9(6)(b)* agus lena dtreorófar don Aire an t-imeacht is ábhar don achomharc a shainainmniú ar na forais gur comhlíonadh ceanglais *fho-alt (1)* den alt sin,

(c) lena ndaingneofar cúlghairm an tsainainmniúcháin ag an Aire faoi *alt 10(1)* ar na forais gur comhlíonadh ceanglais *fho-alt (1)* den alt sin,

(d) lena ngéillfear don achomharc i gcoinne cúlghairm sainainmniúcháin faoi *alt 10(1)* agus lena dtreorófar don Aire sainainmniúchán an imeachta is ábhar don achomharc a athbhunú ar na forais go bhfuil ceanglais *alt 9(1)* fós á gcomhlíonadh, nó

(e) lena ngéillfear don achomharc agus lena gcúlghairfear an sainainmniúchán arna dhéanamh ag an Aire faoi *alt 9(7)* ar na forais nár comhlíonadh ceanglais *fho-alt (7)* den alt sin.

(7) Is breith chríochnaitheach breith na Cúirte Dúiche faoin alt seo ar cheist fíorais.

**An clár**

**14.** (1) Déanfaidh an tAire clár d'ionaid shainainmnithe agus d'imeachtaí sainainmnithe a bhunú agus a chothabháil.

(2) Foilseoidh an tAire an clár ar an idirlíon nó ar cibé modh eile is cuí leis nó léi.

CUID 3

TOIRMEASC AR THICÉID A DHÍOL LE HAGHAIDH IMEACHTAÍ CULTÚIR, SIAMSAÍOCHTA, ÁINEASA AGUS SPÓIRT AGUS CEANGLAIS GHAOLMHARA MAIDIR LE FAISNÉIS

**Toirmeasc ar thicéad nó pacáiste ticéid a dhíol nó a fhógairt lena dhíol os cionn an phraghais díola bunaidh**

**15.** (1) Faoi réir *alt 18*, ní dhíolfaidh díoltóir tánaisteach ticéad ticéad nó pacáiste ticéid ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh.

(2) Faoi réir *alt 18*, ní dhéanfaidh díoltóir tánaisteach ticéad ticéad nó pacáiste ticéid le haghaidh imeacht iomchuí a fhógairt lena dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh, ná ní chuirfidh sé nó sí faoi deara ticéad nó pacáiste ticéid a fhógairt amhlaidh.

(3) Aon díoltóir tánaisteach ticéad a sháróidh *fo-alt (1)* nó *(2)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

**Faisnéis a cheanglaítear nuair a dhéanann príomhdhíoltóir ticéad ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol nó a fhógairt lena dhíol**

**16.** (1) Faoi réir *alt 18*, ní dhéanfaidh príomhdhíoltóir ticéad ticéad nó pacáiste ticéid le haghaidh imeacht iomchuí a dhíol nó a fhógairt lena dhíol gan an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (2)* a sholáthar de réir *fho-alt (3)*.

(2) Is é seo a leanas an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

(a) gur le haghaidh imeacht iomchuí a dhéantar an ticéad nó an pacáiste ticéid a dhíol;

(b) go dtoirmisctear an ticéad nó an pacáiste ticéid le haghaidh an imeachta sin a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh mura rud é—

(i) gur chun gníomhaíochtaí eagraíochta carthanúla nó club spóirt amaitéaraigh a mhaoiniú, agus chuige sin amháin, a úsáidfear na fáltais ón díol sin, agus

(ii) gur cheadaigh eagraí imeachta an ticéad nó an pacáiste ticéid a dhíol chun na críche dá dtagraítear i *bhfomhír (i)*.

(3) Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a sholáthar—

(a) in aon fhógrán chun an ticéad nó an pacáiste ticéid a dhíol,

(b) ar éadan an ticéid i gcás gur féidir an fhaisnéis a sholáthar ar an modh sin mar gheall ar fhormáid an ticéid, nó

(c) ar mheán buanfasach a sholáthrófar leis an ticéad nó leis an bpacáiste ticéid i gcás nach féidir an fhaisnéis a sholáthar ar an modh a shonraítear i *mír (b)* mar gheall ar fhormáid an ticéid.

(4) Aon phríomhdhíoltóir ticéad a sháróidh *fo-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) San alt seo, ciallaíonn "meán buanfasach" aon mheán ar a ndéantar faisnéis a sholáthar agus a stóráil, lena n-áirítear páipéar agus ríomhphost—

(a) a fhágfaidh go mbeidh an fhaisnéis inrochtana sa dóigh gur féidir tagairt a dhéanamh di sa todhchaí go ceann tréimhse ama is leordhóthanach chun críocha na faisnéise, agus

(b) trínar féidir an fhaisnéis a atáirgeadh gan í a athrú;

**Faisnéis a cheanglaítear nuair a dhéanann díoltóir tánaisteach ticéad ticéad nó pacáiste ticéid a fhógairt nó a thairiscint lena dhíol**

**17.** (1) Faoi réir *alt 18*, ní dhéanfaidh díoltóir tánaisteach ticéad ticéad nó pacáiste ticéid le haghaidh imeacht iomchuí a fhógairt nó a thairiscint lena dhíol ar mhargadh tánaisteach ticéad mura mbeidh an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (3)* san fhógrán.

(2) Faoi réir *alt 18*, cinnteoidh oibritheoir tánaisteach ticéad nach ndéanfar ticéad nó pacáiste ticéid le haghaidh imeacht iomchuí a fhógairt nó a thairiscint lena dhíol ar mhargadh tánaisteach ticéad an oibritheora mura ndéanfaidh an díoltóir tánaisteach ticéad an fhaisnéis a shonraítear i *bhfo-alt (3)* a sholáthar san fhógrán.

(3) Is é seo a leanas an fhaisnéis dá dtagraítear i *bhfo-ailt (1)* agus *(2)*:

(a) praghas díola bunaidh an ticéid nó an phacáiste ticéid;

(b) an fhaisnéis is gá chun gur féidir an suíochán nó an limistéar seasaimh áirithe a dtugann an ticéad nó an pacáiste ticéid teideal don sealbhóir ticéid cead isteach a fháil chuige a shainaithint, lena n-áirítear, más infheidhme, uimhir an tsuíocháin, na sraithe agus an bhloic agus aon uimhir thicéid uathúil is in-sainaitheanta go soiléir.

(4) Aon díoltóir tánaisteach ticéad a sháróidh *fo-alt (1)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(5) Aon oibritheoir tánaisteach ticéad a sháróidh *fo-alt (2)* beidh sé nó sí ciontach i gcion.

**Díolúine d'eagraíochtaí carthanúla agus do chlubanna spóirt amaitéaracha**

**18.** Ní bheidh feidhm ag *ailt 15*, *16* agus *17* maidir le ticéad nó pacáiste ticéid le haghaidh imeacht iomchuí a dhíol nó a fhógairt lena dhíol ag eagraíocht charthanúil nó ag club spóirt amaitéarach, nó thar a ceann nó thar a cheann, más rud é—

(a) go mbeidh díol an ticéid sin nó an phacáiste ticéid sin ceadaithe ag eagraí imeachta, agus

(b) gur chun gníomhaíochtaí eagraíochta carthanúla nó club spóirt amaitéaraigh a mhaoiniú, agus chuige sin amháin, a úsáidfear na fáltais ón díol.

## CUID 4

### Nithe a Bhaineann le Ticéid a Dhíol le haghaidh Imeachtaí, lena n-áirítear Imeachtaí in Ionaid Shainainmnithe agus Imeachtaí Sainainmnithe

**Téarmaí conartha lena ndéantar aistriú nó díol ticéid nó pacáiste ticéid a eisiamh nó a theorannú**

**19.** (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, beidh téarma i gconradh idir príomhdhíoltóir ticéad agus duine eile chun ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol ar neamhní a mhéid a airbheartaíonn sé aon cheann díobh seo a leanas a eisiamh nó a theorannú—

(a) an duine eile sin d'aistriú an ticéid nó an phacáiste ticéid gan chomaoin airgid, nó

(b) an duine eile sin do dhíol an ticéid nó an phacáiste ticéid ar phraghas nach mó ná an praghas díola bunaidh.

(2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le téarma i gconradh chun ticéad nó pacáiste ticéid le haghaidh imeachta a aistriú nó a dhíol, is téarma lena ndéantar aistriú nó díol ticéad nó pacáistí ticéad a eisiamh nó a theorannú ar fhorais sábháilteachta, sláinte poiblí nó oird phoiblí.

(3) Ní chuirfidh aon ní san alt seo cosc ar eagraí imeachta ná teorainn le heagraí imeachta forfheidhmiú a dhéanamh ar théarma i gconradh chun ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol, is téarma lena dtoirmisctear an ticéad nó an pacáiste ticéid a dhíol ar phraghas is mó ná an praghas díola bunaidh.

(4) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le téarma i gconradh idir príomhdhíoltóir ticéad agus duine eile chun ticéad nó pacáiste ticéid a dhíol an lá a thiocfaidh an t-alt seo i ngníomh nó dá éis.

**Cumhachtaí an Gharda Síochána dul isteach agus cuardach a dhéanamh, etc.**

**20.** (1) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine in aon áit nó go bhfuil fianaise ar chion a dhéanamh, nó a bhaineann le cion a dhéanamh, faoin Acht seo le fáil in aon áit, féadfaidh sé nó sí, faoi réir *fho-alt (2)*, dul isteach (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) in aon áit den sórt sin agus, san áit sin—

(a) iniúchadh a dhéanamh ar aon leabhair, taifid, doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) nó sleachta astu a gheobhaidh sé nó sí i gcúrsa a iniúchta nó a hiniúchta, agus cóipeanna a dhéanamh díobh, agus aon leabhair, taifid nó doiciméid den sórt sin a thabhairt chun siúil as an áit sin agus a choinneáil ar feadh cibé tréimhse a mheasfaidh sé nó sí le réasún is gá chun críocha an Achta seo,

(b) a cheangal ar aon duine atá i láthair san áit nó, i gcás gur feithicil an áit, a cheangal ar an duine atá de thuras na huaire i bhfeighil na feithicle, nó a bhfuil an fheithicil faoina rialú, a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt don chomhalta,

(c) cuardach a dhéanamh, nó a chur faoi deara é a dhéanamh, ar aon duine atá i láthair san áit,

(d) a cheangal ar aon duine san áit nó ar an úinéir nó ar an duine atá i bhfeighil na háite agus ar aon duine atá fostaithe ansin cibé cúnamh agus faisnéis a thabhairt don chomhalta agus cibé leabhair, taifid nó doiciméid eile a thabhairt ar aird dó nó di (agus i gcás taifid nó doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite, atáirgeadh inléite orthu a thabhairt ar aird dó nó di) atá faoi chumhacht an duine sin nó ar fáil aige nó aici agus a theastóidh le réasún ón gcomhalta chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin Acht seo,

(e) aon rud a gheofar san áit sin, nó aon rud a gheofar i seilbh duine atá i láthair san áit sin tráth an chuardaigh, a scrúdú, a urghabháil, agus a choinneáil, ar rud é a gcreideann an comhalta le réasún ina leith gur fianaise é ar chion a dhéanamh, nó gur fianaise é a bhaineann le cion a dhéanamh, faoin Acht seo, agus

(f) aon áit nó aon chuid d'áit ina bhfaighfear leabhair, taifid nó doiciméid, nó ina gcoimeádtar iad de ghnáth, a dhaingniú lena hiniúchadh tráth is faide anonn ar feadh cibé tréimhse is gá le réasún chun críocha an Achta seo.

(2) Ní rachaidh comhalta den Gharda Síochána isteach i dteaghais, ach amháin le toiliú an áititheora nó de réir barántas arna eisiúint faoi *fho-alt (3)*.

(3) Más deimhin le breitheamh den Chúirt Dúiche trí fhaisnéis faoi mhionn ó chomhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná sáirsint go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint—

(a) go bhfuil fianaise ar chion a dhéanamh, nó fianaise a bhaineann le cion a dhéanamh, faoin Acht seo ar fáil in aon teaghais, nó

(b) go bhfuil aon leabhair, taifid nó doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) a bhaineann le cion a dhéanamh faoin Acht seo á stóráil nó á gcoimeád in aon teaghais,

féadfaidh an breitheamh barántas a eisiúint á údarú do chomhalta ainmnithe den Gharda Síochána, agus cibé comhaltaí eile den Gharda Síochána nó cibé daoine ainmnithe eile is dóigh leis an gcomhalta is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna, laistigh de mhí amháin ó dháta eisiúna an bharántais, dul isteach sa teaghais (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) agus na feidhmeanna faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh.

(4) Ní dochar an t-alt seo d'aon chumhacht eile a thugtar le reacht nó atá infheidhmithe thairis sin ag comhalta den Gharda Síochána chun dul isteach in áit, chun cuardach a dhéanamh ar dhuine, nó chun fianaise ar chion a dhéanamh nó ar iarracht ar chion a dhéanamh, nó fianaise a bhaineann le cion a dhéanamh nó le hiarracht ar chion a dhéanamh, a urghabháil agus a choinneáil.

(5) Maidir leis an gcumhacht chun barántas a eisiúint faoin alt seo, beidh sí gan dochar d'aon chumhacht eile a thugtar le reacht chun barántas a eisiúint chun cuardach a dhéanamh ar aon áit nó ar aon duine.

(6) San alt seo—

folaíonn "taifead", i dteannta taifead i scríbhinn—

(a) diosca, téip, fuaimrian nó feiste eile ina gcorpraítear faisnéis, fuaimeanna nó comharthaí ionas gur féidir (le cúnamh nó gan cúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó inchloiste,

(b) scannán, téip nó feiste eile ina gcorpraítear amharcíomhánna ionas gur féidir (le cúnamh nó gan cúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh in amharcfhoirm, agus

(c) grianghraf,

agus folaíonn aon tagairt do chóip de thaifead—

(i) i gcás taifead lena mbaineann *mír (a)*, trascríbhinn ar na fuaimeanna nó ar na comharthaí arna gcorprú ann,

(ii) i gcás taifead lena mbaineann *mír (b)*, fos-atáirgeadh ar na híomhánna arna gcorprú ann, agus

(iii) i gcás taifead lena mbaineann *míreanna (a)* agus *(b)*, trascríbhinn den sórt sin mar aon le fos-atáirgeadh den sórt sin.

**Cosc**

**21.** (1) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

(a) go gcuirfidh sé nó sí cosc ar chomhalta den Gharda Síochána, nó go gcuirfidh sé nó sí isteach air nó uirthi, agus an comhalta ag feidhmiú cumhacht a thugtar dó nó di leis an Acht seo nó le barántas faoi *alt 20(3),* nó go gcuirfidh sé nó sí bac ar fheidhmiú na cumhachta sin ag an gcomhalta, nó

(b) go mainneoidh nó go ndiúltóidh sé nó sí déanamh de réir iarraidh nó ceanglas ón duine nó ón gcomhalta de bhun *alt 20* nó go dtabharfaidh sé nó sí faisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha don duine nó don chomhalta i gcomhlíonadh airbheartaithe na hiarrata nó an cheanglais sin.

(2) Ní bheidh ráiteas nó admháil arna dhéanamh nó arna déanamh ag duine de bhun ceanglas faoi *alt 20* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar i gcoinne an duine i leith ciona (seachas cion faoi *fho-alt (1)*).

**Gabháil gan bharántas**

**22.** (1) I gcás go bhfaighidh comhalta den Gharda Síochána aon duine agus cion á dhéanamh aige nó aici faoi *alt 15*, féadfaidh an comhalta an duine sin a ghabháil gan bharántas.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 20*, i gcás go mbeidh comhalta den Gharda Síochána den tuairim go ndearnadh cion faoi *alt 15*, féadfaidh an comhalta—

(a) ainm agus seoladh aon duine a éileamh, ar duine é nó í a bhfuil drochamhras ar an gcomhalta, agus cúis réasúnach aige nó aici leis, go ndearna sé nó sí cion den sórt sin, nó a bhfaighidh an comhalta é nó í agus cion den sórt sin á dhéanamh aige nó aici, agus

(b) aon duine den sórt sin a mhainneoidh nó a dhiúltóidh a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt nuair a éileofar sin, nó a thabharfaidh ainm nó seoladh a mbeidh forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach, a ghabháil gan bharántas.

(3) Aon duine a mhainneoidh nó a dhiúltóidh a ainm agus a sheoladh nó a hainm agus a seoladh a thabhairt nuair a éileofar sin de bhua *fho-alt (2)*, nó a thabharfaidh ainm nó seoladh, nuair a éileofar sin amhlaidh, atá bréagach nó míthreorach, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

**Cionta agus pionóis**

**23.** (1) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 16(4)*, *17(4)*, *17(5)*, *21(1)* nó *22(3)*, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(a) i gcás an chéad chiona, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(b) i gcás an dara cion nó cion dá éis sin, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoi *alt 15(3),* dlífear—

(a) ar é nó í a chiontú go hachomair—

(i) i gcás an chéad chiona, fíneáil d'aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(ii) i gcás an dara cion nó cion dá éis sin, fíneáil d'aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

agus

(b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) D'ainneoin alt 10(4) den *Petty Sessions (Ireland) Act*, 1851, féadfar imeachtaí achoimre i leith cion faoin Acht seo a thionscnamh aon tráth laistigh de dhá bhliain ón dáta a líomhnaítear go ndearnadh an cion.

(4) I gcás go ndéanfaidh comhlacht corpraithe cion faoin Acht seo agus go gcruthófar go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí thoiliúil ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, déanfaidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, cion agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(5) I gcás gnóthaí comhlachta chorpraithe a bheith á mbainistiú ag a chomhaltaí, beidh feidhm ag *fo-alt (4)* i ndáil le gníomhartha agus mainneachtainí comhalta i dtaca lena fheidhmeanna nó lena feidhmeanna bainistíochta amhail is dá mba stiúrthóir nó bainisteoir de chuid an chomhlachta chorpraithe é nó í.

**Cosaint i gcoitinne**

**24.** In imeachtaí i leith cion faoin Acht seo, is cosaint é do dhuine a dtionscnófar imeachtaí den sórt sin ina choinne nó ina coinne a shuíomh go ndearna sé nó sí gach iarracht réasúnach chun a chinntiú go ndéanfaí de réir cibé forálacha den Acht seo a líomhnaítear gur sáraíodh iad.

**Cosaint d'oibritheoir tánaisteach ticéad**

**25.** (1) Gan dochar do ghinearáltacht *alt 24*, is cosaint é in imeachtaí i leith cion faoi alt *15(3)* nó *17(5)* d'oibritheoir tánaisteach ticéad a thaispeáint go raibh sé nó sí, tráth an chiona líomhnaithe, ag soláthar seirbhís sochaí faisnéise arb éard é—

(a) faisnéis arna soláthar ag duine a fhaigheann an tseirbhís a tharchur i líonra cumarsáide nó rochtain ar líonra cumarsáide a sholáthar, lena n-áirítear stóráil uathoibríoch, láithreach agus dhíomuan na faisnéise sin d'aon toisc chun an tarchur a chur i gcrích, ar choinníoll nach ndéanfaidh an t-oibritheoir—

(i) an tarchur a thionscnamh,

(ii) glacadóir an tarchuir a roghnú,

(iii) an fhaisnéis sa tarchur a roghnú nó a mhodhnú, agus

(iv) nach ndéanfar an fhaisnéis a stóráil ar feadh aon tréimhse is faide ná is gá le réasún don tarchur,

(b) faisnéis arna soláthar ag duine a fhaigheann seirbhís a stóráil ar bhonn uathoibríoch, idirmheánach agus sealadach chun faisnéis a tharchur i líonra cumarsáide, agus é sin a dhéanamh d'aon toisc chun tarchur ar aghaidh na faisnéise sin ar iarraidh ó dhaoine eile a fhaigheann an tseirbhís a dhéanamh níos éifeachtúla, ar choinníoll, maidir leis an oibritheoir—

(i) nach ndéanfaidh sé nó sí an fhaisnéis a mhodhnú,

(ii) go gcomhlíonfaidh sé nó sí na coinníollacha maidir le rochtain ar an bhfaisnéis,

(iii) go gcomhlíonfaidh sé nó sí rialacha maidir leis an bhfaisnéis arna sonrú a thabhairt cothrom le dáta ar mhodh a aithníonn agus a úsáideann an tionscal go forleathan,

(iv) nach gcuirfidh sé nó sí isteach ar úsáid dhleathach na teicneolaíochta, a aithníonn agus a úsáideann an tionscal go forleathan, chun sonraí i dtaobh úsáid na faisnéise a fháil, agus

(v) go ngníomhóidh sé nó sí go dlúsúil chun an fhaisnéis stóráilte a bhaint, nó chun rochtain uirthi a dhíchumasú, ar eolas iarbhír a fháil go ndearnadh an fhaisnéis ag foinse thosaigh an tarchuir a bhaint den líonra, nó go ndearnadh rochtain uirthi a dhíchumasú, nó gur ordaigh cúirt an bhaint sin nó an díchumasú sin,

nó

(c) faisnéis arna soláthar ag duine a fhaigheann an tseirbhís a stóráil ar iarraidh uaidh nó uaithi ar choinníoll—

(i) nach mbeidh an duine a fhaigheann an tseirbhís ag gníomhú faoi údarás ná faoi rialú an oibritheora,

(ii) nach mbeidh eolas iarbhír ag an oibritheoir faoi ghníomhaíocht nó faisnéis mhídhleathach, agus go ngníomhóidh an t-oibritheoir go dlúsúil, ar eolas nó feasacht a fháil faoi ghníomhaíocht mhídhleathach den sórt sin, chun an fhaisnéis a bhaint nó chun rochtain uirthi a dhíchumasú.

(2) Aon fhocal nó abairt a úsáidtear san alt seo agus a úsáidtear freisin i dTreoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000[2] maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe an tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ("Treoir maidir le tráchtáil leictreonach), tá an bhrí chéanna

2 IO Uimh. L 178, 17.7.2000, lch. 1.

leis nó léi san alt seo atá leis nó léi sa Treoir sin, mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

**Pribhléid dhlíthiúil**

**26.** (1) Faoi réir *fho-alt (2)*, ní chuirfidh aon ní san Acht seo d'iallach ar aon duine ábhar dlíthiúil faoi phribhléid a nochtadh ná ní údaróidh sé ábhar dlíthiúil faoi phribhléid a thógáil.

(2) Féadfar iallach a chur faisnéis a nochtadh, nó féadfar seilbh a ghlacadh ar fhaisnéis, de bhun an Achta seo, d'ainneoin go dtuigtear gur ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis, ar choinníoll go gcuirfear iallach í a nochtadh nó go nglacfar seilbh uirthi ar mhodh a fhágfaidh gur féidir rúndacht na faisnéise a choimeád (amhail i gcoinne an duine a chuirfidh iallach an fhaisnéis sin a nochtadh nó a ghlacfaidh seilbh uirthi) go dtí go gcinnfidh an Ard-Chúirt an tsaincheist i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(3) Gan dochar *d'fho-alt (4)*, más rud é, sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, go mbeidh faisnéis nochta nó go mbeidh seilbh glactha ar fhaisnéis de bhun an Achta seo, déanfaidh an duine—

(a) dár nochtadh an fhaisnéis sin amhlaidh, nó

(b) a ghlac seilbh ar an bhfaisnéis,

(mura mbeidh, laistigh den tréimhse a luaitear ina dhiaidh seo san fho-alt seo, fógra i dtaobh iarratas faoi *fho-alt (4)* i ndáil leis an ní lena mbaineann seirbheáilte ar an duine) iarratas chun na hArd-Chúirte ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis agus déanfar iarratas faoin alt seo laistigh de 30 lá tar éis nochtadh na faisnéise nó tar éis seilbh a ghlacadh uirthi.

(4) Aon duine ar a gcuirfear iallach faisnéis a nochtadh nó aon duine óna nglacfar faisnéis atá ina sheilbh nó ina seilbh, sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, de bhun an Achta seo, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar chinneadh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(5) Go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach ar iarratas faoi *fho-alt (3)* nó *(4)*, féadfaidh an Ard-Chúirt cibé treoruithe eatramhacha nó idirbhreitheacha is cuí leis an gcúirt a thabhairt, lena n-áirítear, gan dochar do ghinearáltacht an mhéid sin roimhe seo, treoruithe—

(a) maidir leis an bhfaisnéis a chaomhnú, go hiomlán nó go páirteach, in áit shlán shábháilte ar aon mhodh a shonróidh an chúirt,

(b) maidir le duine ag a bhfuil cáilíochtaí oiriúnacha dlí agus ag a bhfuil an leibhéal taithí, agus an neamhspleáchas ó aon leas a bheidh le cinneadh idir na páirtithe lena mbaineann, is dóigh leis an gcúirt a bheith cuí, a cheapadh—

(i) chun an fhaisnéis a scrúdú, agus

(ii) chun tuarascáil a ullmhú don chúirt d'fhonn cuidiú leis an gcúirt, nó d'fhonn éascú di, a cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ábhar dlíthiúil faoi phribhléid an fhaisnéis.

(6) Is trí fhoriarratas a dhéanfar iarratas faoi *fho-alt (3)*, *(4)* nó *(5)* agus féadfar, má threoraíonn an Ard-Chúirt, é a éisteacht ar shlí seachas go poiblí.

(7) San alt seo—

folaíonn "ríomhaire" eagraí pearsanta nó aon mhodh leictreonach eile chun faisnéis a stóráil nó a aisghabháil;

ciallaíonn "faisnéis" faisnéis atá i leabhar, i ndoiciméad nó i dtaifead, i ríomhaire nó atá ann ar shlí eile;

ciallaíonn "ábhar dlíthiúil faoi phribhléid" faisnéis a bhfuil duine i dteideal, i dtuairim na cúirte, diúltú í a thabhairt ar aird ar fhorais a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dhlíthiúil.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€3.05

Wt. —. 22. 11/21. Essentra. (90000). Gr.30-15.

9 781399 301060